Nuachtlitir

Coiste Forbartha Charn Tóchair

Foras na Gaeilge

EAGRÁN BEALTAINE

DÁTAÍ DON DIALANN I MÍ MEITHEAMH

Do Pháistí & Déagóirí

Ceolchoirm:
Dé Máirt 1 Meitheamh
7:00 – 7:30 Am ullmhúcháin do na múinteoirí agus páistí roimh an cheolchoirm.
Beidh soláistí ar fáil do na tuismitheoirí le linn an ama seo.
7:30 – 8:30 Beidh deis ag grúpaí na ranganna ceoil port nó dhó a sheinm.
Críochnóidh an oíche leis an dráma ghairid, 'Na Trí Mhuc' le haisteoirí ÓgÓgras.

Ceardlann Scríbhneoireachta:
Dé hAoine 4 Meitheamh
Beidh an imeacht seo trí Ghaeilge.
Tabharfar deis do dhaltaí gearrscéal a ullmhú agus a scríobh, ar féidir a iontráil sa chomórtas Scríbhneoireachta i bhFeis Charn Tóchair.
Táille na ceardlainne: £3
Táille iontrála san Fheis: £2

Seisiún Ceoil
Dé Domhnaigh 30 Bealtaine
Áit: Granny Kane's
Am: Do pháistí 6:00 - 7:00pm
Do dheagóirí 7:00 - 8:00pm

Turas ÓgÓgras:
Chuig Zú Bhéal Feirste
Dé Domhnaigh 20 Meitheamh

Táille: £13
Am: le cinntiú

Cochaillín saor in aisce ar fáil do achan páiste atá cláraithe don turas le Leonne @ an carn roimh 1/6/10!

Ógras - Cluichí Tailteann i nGaillimh

Bhí deireadh seachtaine ar dóigh ag ár ngrúpa óige áitiúil, Ógras, ag na Cluichí Tailteann i nGaillimh i mí Aibreáin. Bhí an grúpa de dheichniúr páirteach i gcomórtais éagsúla; amhránaíocht, damhsa, iomáint, peil, poc fada, reathaíocht, cispheil, uni-hoc, scidilí, agus tuilleadh. D'éirigh go geal leo mar bhain siad roinnt mhaith comórtas agus rug siad leo an trófaí don fhoireann is fearr.

Buíochas le Carn Aistriúchán - Thanks to Carn Translations

Sharrifa, Méabh agus Clár ag déanamh brataí.

Cormac, an asteoir ó Aifric, Sharrifa, Grainne, Méabh agus Clár

Brian Óg ag iarraidh an cispheil a baint.

An foireann iomáint - Brian Óg, Éanna, Joseph, Liam Óg, Noeleen, Grainne agus Cormac.

Sharrifa ag déanamh an Poc Fada

Bhí deireadh seachtaine ar dóigh acu

"Cuairt Fhionn Mhic Cumhaill ar Charn Tóchair..."

Tá togra scannánaíochta á reáchtáil ag Club Óige Luraigh i rith an tsamhraidh. Ba mhian leo scannán a chruthú darb ainm "Cuairt Fhionn Mhic Cumhaill ar Charn Tóchair". Cuirfear ceardlanna ar fáil do dhéagóirí meánscoile leis na scileanna ar fad a fhoghlaim. Scileanna ceamara, scileanna taifid fuaime agus scileanna eagarthóireachta. Beidh na ceardlanna trí mheán na Gaeilge agus beidh na ceard-lanna uile saor in aisce.Má tá suim agat freastal ar na ceardlanna agus páirt a ghla-cadh sa togra seo, cláraigh d'áit le Leonne.

Beidh deis ag páistí bunscoile idir Rang 1 agus Rang 7 bheith sa scannán chomh maith. Beidh ról iontach tábhachtach acu sa scéal faoi Chuairt Fionn Mac Cumhaill ar Charn Tóchair a inse. Beidh an chéad lá taifid ar siúl Dé Sathairn 26 Meitheamh. Más mian leat do pháiste a bheith páirteach sa scannán ní mór duit áit do pháiste nó pháistí a chlárú le Leonne roimh An Chéadaoin 18 Meitheamh.

Coiste Forbartha Charn Tóchair
An Carn, Bóthar Thír Chiana, Machaire Rátha, BT46 5NH
028 79549978 www.ancarn.org R-phost: eolas@ancarn.org

DÁTAÍ DON DIALANN I MÍ MEITHEAMH

Do Dhéagóirí

Club Óige Luraigh:
Dé hAoine 18 Meitheamh
Turas chuig Ionad Gníomháiochta Bhéal Feirste

Gníomhaíochtaí: rachaidh sibh i ngrúpaí ag uaim-headóireacht trí uaimheanna saindeartha ag an ionad.
Aois: do dheagóirí meán-scoile - bliain 8 - bliain 13
Táille: £10
Am: Ag imeacht ó An Carn ar 5:30in

Do Dhaoine Fásta

BBQ - ÓSTÁN WALSH
Dé Sathairn 26 Meitheamh
Ceol is Feoil!
Am: 8in
Ticéid: £10

Corn Uile Éireann.

Bhí Cluiche Ceannais na hÉireann camógaíocht faoi 16 ann ar an 8ú lá de mhí Bealtaine . Ar an Satharn chuaigh an fhoireann Dhoire go Baile Átha Cliath. Bhí muid ag imirt in éadan Luimneach I bPáirc Peirgin ag a trí a chlog.

Thosaigh Doire ar an cos mícheart ach I ndiaidh cúl galanta ó Michaela Ní Mhaolain, thóg muinín na gcailiní arís. Ina dhiaidh sin, bhí lámh in uachtar ag na girseacha Dhoire, sa darna leath tháinig mise ar an páirc in áit Sineád agus cluiche den chéad scoth a bhí ann, agus sa deireadh, tháinig Doire amach ar bharr. Bhain muid. Bhi óráid ag Aoife Ní Chaiside, captain na foirne ar dóigh agus fuair Shauna Ní Choinn as DúnGeimhín imreoirr an cluiche. Ansin chuaigh muid go leir ar ais go Leacht Néill fá choinne bia blasta agus ceiliúradh! Doire Abú!

Orlaith Ní Mhaoláin

Campa Chormaic Doire: 5 -9 de Mhí Iúil 2010.
www.campachormaic.com
Ardscoil Choilm, Baile na Scríne

Iaratais ar fáil anois!

Beidh Campa Chormaic ar siúl idir an 5 - 9 de mhí lúil in Ardscoil Choilm, Baile na Scríne. Díríonn sé ar dhaoine óga idir 12 agus 16 bliana d'aois.

Beidh seisiúin Ghaeilge ann ar maidin agus oiliúint sa pheil Ghaelach, sa chamógaíocht agus san iomáint san iarnóin. Fá choinne a thuilleadh eolais téigh chuig
www.campachormaic.com
nó cuir ríomhphost chuig
campachormaicdhoire@googlemail.com

Cuireadh Campa Chormaic ar bun in ómós do Chormac Mac An Ailín ionas go gcoinneofaí cuimhne bheo air agus go gcuirfí na prionsabail ar chreid sé iontu le linn a shaoil chun cinn;- grá dá thír, grá dá theanga agus grá d'oidhreacht na hÉireann agus do na cluichí Gaelacha.

'Na Trí Mhuc'

Bhí oíche den chéad scoth ag Óg-Ógras i nDún Pádraig ar 14ú Bealtaine nuair a chuaigh siad ar an ardán leis an dráma 'Na Trí Mhuc'. Chuir Marion agus na daoine a bhí ag glacadh páirt sa drama a lán oibre isteach agus bhain Óg-Ógras Luraigh chéad áit sa chomórtas. Bhí sé tuillte go mór acu!!! Tháinig baill eile Óg-Ógras Luraigh mar chuid den lucht féachana agus thug siad a gcuid tacaíochta do na haisteoirí a bhí sa dráma. Bhí ceol, caint agus craic san amharclann Naomh Pádraig agus bhain gach duine sult as an oíche. Beidh deis ag tuismitheoirí an drama a fheiceáil ar oíche Mháirt 1 Meitheamh in An Carn @ 7.30pm
Chomh maith leis sin, bhain Émer, Celine, Chloe agus Pascal duaiseanna sa Chomórtas Ealaíne.
Maith sibh!!

Feis Charn Tóchair 2010 -
Cultúr agus teanga a cheiliúradh

Beidh Feis Charn Tóchair ar siúl in An Carn, (Bóthar Thír Chiana, Machaire Rátha) Dé Sathairn 12 Meitheamh. Ba iad aidhmeanna Feis Charn Tóchair athbheochan na Gaeilge agus an chultúir i gContae Dhoire a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Beidh rannóga éagsúla san Fheis a bheidh oiriúnach do réimse leathan aoisghrúpaí, idir fhoghlaimeoirí na teanga agus chainteoirí líofa.

Comórtas na Feise mar seo a leanas:

- **Comórtas aithriseoireachta filíochta:** Tá rannóga ann oiriúnach do réimse aoisghrúpaí éagsúla, idir fhoghlaimeoirí na teanga agus chainteoirí líofa. Is iad na rannóga; naíscoil, gaelscoil, bunscoil Béarla & meánscoil
- **Comhrá:** Tugann an comórtas seo deis iontach do thuismitheoirí a bhfuil páistí acu de gach aois blaiseadh a fháil ar an dóigh is féidir le Gaeloideachas fíordhátheangachas a chur ar fáil. Molaimid go láidir do thuismitheoirí a bpáistí a chur isteach sa chomórtas seo.
- **Comórtas Scoláireachta:** Bronnfar páirt- scoláireachtaí ar luach £200 ar bheirt dhalta i ngach aon aoisghrúpa ó Bhliain 8 go Bliain 13, le freastal a dhéanamh ar cheann de choláistí samhraidh na Gaeltachta.
- **Comórtas Scríbhneoireachta:** Oiriúnach do dhaltaí bunscoile agus meánscoile. Iarrtar ar scoláirí gearrscéal de 500 focal (nó níos lú) a scríobh.
- **Comórtas Ealaíne:** Tá an comórtas seo oiriúnach do chách.
- **Ceol Traidisiúnta:** Tá an comórtas seo oiriúnach do chách. Is iad na rannóga eagsúla: Feadóg stáin, feadóg mhór, fidil agus amhránaíocht thraidisiúnta.

Tá bileog na Féise ar fáil ó An Carn. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil, amharc ar líne www.ancarn.org nó thig leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha Gaeilge—Leonne Ní Loinsigh 028 7954 9978.

Feis Charn Tóchair:

Dé Sathairn 12 Meitheamh
Tá comórtais eagsúla san Fheis a bheidh oiriúnach do do réimse leathan aoisghrúpaí. Tuilleadh eolais ar fáil ó Leonne @ An Carn 028 79549978 nó www.ancarn.org
Am: le cinntiú

Spriocdháta na n-iontrálacha
Dé hAoine 28 Bealtaine
Aithiriseoireacht
Comórtas Scoláireachta
Comórtas Comhrá
Ceol Traidisiúnta

Dé Luain 1 Meitheamh
Comórtas Ealaíne

Dé Luain 7 Meitheamh
Comórtas Scríbhneoireachta

Táille: £2 an dalta i ngach comórtas

Ionad Áiseanna an Carn –

i gCroílár an phobail le 10 mbliana anuas

Suite ag bun Charn Tóchair i dTír Chiana, Machaire Rátha, tá Ionad Áiseanna An Carn i ndiaidh fás as cuimse ó d'oscail sé a dhoirse thiar sa bhliain 2000. Ar na laethanta seo soláthraíonn sé réimse leathan gníomhaíochtaí agus seirbhísí atá le leas an cheantair seo atá faoi mhíbhuntáiste. Thar na blianta tá Cumann Forbartha Charn Tóchair i ndiaidh leas a bhaint as meanma an phobail i gCarn Tóchair agus Sleacht Néill agus ba iad a spreag athbheochan an cheantair trí bheith ag comhoibriú leis an phobal áitiúil le tionscadail a chur i gcrích. Gan amhras ar bith, tá Ionad Áiseanna An Carn ar cheann de na tograí is rathúla agus is mó le rá atá curtha i gcrích ag an ghrúpa go dtí seo. Seo a leanas rogha de na seirbhísí/gníomhaíochtaí a chuireann An Carn ar fáil -

Forbairt – athbheochan na Gaeilge

Bhí ceantar Charn Tóchair/ Shleacht Néill ar cheann de na ceantair is deireanaí i gContae Dhoire inar mhair an Ghaeilge, agus tá clú ar an cheantar as a bheith ag cur na teanga chun cinn agus ag tacú léi le fada an lá. Is mithid mar sin, go bhfuil an ceantar ag teacht chun tosaigh anois mar Ghaeltacht nua-aimseartha de chuid an 21ú aois, ceantar atá thar a bheith bródúil as athbheochan na Gaeilge ann. Tá pobal óg fuinniúil cainteoirí Gaeilge ann atá ag fás go mear, agus tá sé de chlú ar an cheantar go bhfuil an céatadán is airde cainteoirí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht ina gcónaí ann.

Tá oiliúint trí mheán na Gaeilge á chur ar breis agus 90 dalta i mBunscoil Naomh Bríd (atá suite in aice leis An Carn), agus tá líon na gcainteoirí Gaeilge ag méadú gach bliain. Go deimhin, is é an t-aon cheantar in Éirinn ina bhfuil tromlach na bpaistí atá in aois scoile ina gcainteoirí Gaeilge. Tá an Cumann ar thús cadhnaíochta i dtaca le cur chun cinn agus forbairt na teanga trí réimse cúrsaí agus ranganna a chur ar fáil do gach duine, idir phaistí agus dhaoine fásta, chun a líofacht a fheabhsú agus pobal le Gaeilge a atógáil. Tá an réimse gníomhartha iarscoile, gníomhartha do dhaoine óga agus imeachtaí a chuirtear chun cinn ag An Carn mar chuid an-tábhachtach d'atógáil mheanma an phobail agus féachann siad chuige go mbaineann cainteoirí óga Gaeilge a lánacmhainneacht amach chun go mbeidh siad ina mbaill ghníomhacha den phobal áitiúil.

Siopa – An Carn www.siopaancarn.com

Tá ceardaíocht Éireannach d'ardchaighdeán ar taispeáint sa siopa agus tá réimse leathan de chriadóireacht shainiúil, seodra, earraí gloine, coinnle, cártaí lámhdhéanta, bunphíosaí ealaíne, dlúthdhioscaí ceoil Ghaelaigh agus bronntanais ar fáil ann. Tá rogha bhreá leabhar, i nGaeilge agus i mBéarla, ar díol ann fosta, rogha atá ag freastal ar gach cineál léitheora agus gach buiséad. Tig cuid mhaith de na píosaí a phearsantú agus beidh foireann an tsiopa breá sásta comhairle agus cuidiú a thabhairt maidir le riachtanas ar bith a bheadh ort.

Uaireanta oscailte: **Luan – Aoine** 9.00am – 5.30pm **Satharn** – 9.30am – 4.30pm

Oifig an Phoist, Tír Chiana

D'amharc Cumann Forbartha An Carn ar oscailt Oifig an Phoist ag An Carn mar chéim an-tábhachtach i bhforbairt An Carn mar mhol seirbhíse i gcroílár phobal Charn Tóchair. Uaireanta oscailte: **Luan, Máirt & Déardaoin** 9.00am – 5.00pm **Aoine** – 9.00am – 12.30pm **Druidte Céadaoin & Satharn**

Soláthar Oifige/ Seirbhísí Siopa Cóipeála

Freastalaíonn An Carn ar do chuid riachtanas ar fad ar aon láthair amháin! Ó chóipeáil go ceangal.

Ar na seirbhísí atá ar fáil tá: * Fótachóipeáil dubh/bán * Cóipeáil daite * Ceangal * Lannú suas le A3 * Earraí gnearálta stáiseanóireachta * Seirbhísí facs * Priontáil (Daite/ Dubh & Bán)

Soláthar Traenála

Tairgeann An Carn réimse leathan cúrsaí i rith na bliana a fhéachann le freastal a dhéanamh ar gach leas agus gach buiséad. Agus áiseanna den chéad scoth againn agus níl deireadh le líon na gcúrsaí atá ar tairiscint.

Seomraí Comhdhála/Traenála agus ríomhlann ar cíos

Oiriúnach do Chomhdhálacha/Cúrsaí traenála/Léachtaí/Cruinnithe srl. Tá na seomraí feistithe le ríomhaire glúine, teilgeoir ilmheáin, Clár Cliste agus Smeach-chairt. Is féidir aon trealamh breise a chur ar fáil ar iarratas. Is féidir na seomraí a fháil ar cíos do lá iomlán nó leath lae. Svuít 12 ríomhaire ceangailte le printéirí agus leathanbhanda. Is féidir traenáil chorparáideach a oiriúnú do na riachtanais seo agat féin. Déan teagmháil leis an ionad chun do chuid riachtanas a phlé agus féachaint an féidir le An Carn cuidiú le do ghnósa.

Leabharlann Pobail

Beidh réimse leathan leabhar Gaeilge agus Béarla i mbailiúchán na leabharlainne, leabhair a bheidh ar fáil ar iasacht nó mar fhoinsí tagartha dóibh siúd atá i mbun taighde, fhoghlaim na Gaeilge nó tionscadal scoile/coláiste.

Pointe Athchúrsála Charn Tóchair

I gcomhar le Comhairle Ceantair Mhachaire Fíolta, tá An Carn ag cuidiú leis an timpeallacht trí shaoráid athchúrsála a chur ar fáil don mhórphobal, áit ar féidir gloine (trédhearcach, glas, donn) agus teicstílí a athchúrsáil.

Cosán Staire Charn Tóchair/ Siúlóidí Sléibhe Charn Tóchair/ Coill Dhroma Damh

Tá flúirse láithreacha i gCarn Tóchair a bhfuil tábhacht seandálaíoch nó timpeallachta ag baint leo, láithreacha atá nasctha le chéile againn faoin mheirge 'Cosán Staire Charn Tóchair' rud a chuidíonn linn tuiscint níos fearr a fháil ar an am atá thart agus ar an lorg a d'fhág ar sinsir ar an timpeallacht áitiúil. Tá siúlóidí slímharcáilte ar Charn Tóchair agus i gCoill Dhroma Damh atá neamhspleách ar an chosán seo agus oscailte an t-am ar fad.

Tá bróisiúir a bhfuil gach eolas iontu faoin mhéid thuas ar fáil ar-líne:
www.ancarn.org nó trí teagmháil a dhéanamh le An Carn (028 7954 9978).

News Letter

Coiste Forbartha Charn Tóchair

EDITION—MAY 2010

Foras na Gaeilge

DATES FOR YOUR DIARY IN JUNE!

FOR CHILDREN:

Concert:

Tuesday 1 June
7:00 – 7:30 Preparation time for the children and teachers before the concert. During this time refreshments will be available for parents.
7:30 – 8:30 The music classes will perform one or two tunes. The evening will conclude with the drama performance 'Na Trí Mhuc' (The Three little Pigs) with the ÓgÓgras actors.

Writing Workshop:

Friday 4th June
This event will be through Irish. Pupils will be given the opportunity to prepare and write a short story, that they may enter in the writing competition in Feis Charn Tóchair.
Workshop Fee: £3
Feis Entry fee: £2

Music Session

Sunday 30th May
Venue: Granny Kane's
Time: Children 6:00 - 7:00pm
Teenagers 7:00 - 8:00pm

Turas ÓgÓgras:

To Belfast Zoo
Sunday 20th June
Fee: £13
Time: TBC

Free Hoodie for every child who registers their place with Leonne @ An Carn before Tuesday 1st June

Ógras - Trip to Galway for the Cluichí Tailteann

Our local Irish language youth group - Ógras had a great weekend in Galway at the Cluichí Tailteann at the end of April. The group of 10 young people took part in a variety of competitions - singing, dancing, hurling, gaelic football, poc fada, running, basket ball, uni-hoc, skittles and more. It was a great weekend, with the group winning a number of the competitions and coming away with the trophy for the Best Team.

Tug of war

Cormac - showing his gaelic skills

The boys - taking part in the singing competition - they won!

Prepared for the uni-hoc!

Celebrating the weekends success with their trophies

Sharrifa catches up with members of other Ógras groups at the weekend.

"Fionn Mhic Cumhaill's Visit to Carntogher..."

Club Óige Luraigh are organising a filming project during the summer. They wish to produce a film called, "Cuairt Fhionn Mac Cumhaill ar Charn Tóchair" (Fionn Mac Cumhaill's visit to Carntogher).
Workshops will be provided for secondary school students to teach them all the skills necessary to make the film; Camera skills, Sound recording skills, editing skills. The workshops will be through the medium of Irish and all workshops will be free of charge. If you wish to attend the workshops and be involved in this project, register your place with Leonne.
Bunscoil children between Rang 1 and Rang 7 will also have an opportunity to take part in the film. They will have the very important role of telling the story of Fionn Mac Cumhaill's visit to Carntogher. The first day of filming will take place on Saturday 26th June. If you wish for your child to take part in the film project, it is essential that you register your child's place before Friday 18th June.

Carntogher Community Association
An Carn, Tirkane Road, Maghera, BT46 5NH
028 79549978 www.ancarn.org Email: info@ancarn.org

DATES FOR THE DIARY IN JUNE

For Teenagers

Club Óige Luraigh:
Friday 18th June
A trip to the Belfast Activity Centre

Activities:
You will go caving in groups through caves specially designed at the centre.
Age: For secondary school students - Yr 8 to Yr 13
Fee: £10
Time: Leave An Carn at 5:30pm

Do Dhaoine Fásta

BBQ - Walsh's Hotel
Saturday 26th June
Ceol is Feoil!
Time: 8:00pm
Tickets: £10

All-Ireland Final

By Orlaith Ní Mhaoláin.

The All-Ireland camogie final was held on the 8th of May 2010 in Perigin Páirc at three o'clock. We where playing against Limerick. Derry started on the wrong foot but after a wonderful goal from Michaela Mullan the girls lifted their heads, the girls had a head start. At the start of the second half I came on the pitch in the place of Sinead and it was a game of top talent. In the end Derry came out on top. We won. Aoife Cassidy the captain of the team's speech was done very well. Shauna Quinn from Dungiven got player of the match. After the match we all went back to Slaughtneil for some tasty food and to celebrate. Doire Abu!

Campa Chormaic Doire:
5 -9 July 2010.
www.campachormaic.com
St Colm's High School, Draperstown

Applications are now available.

Campa Cormac will be running between the 5th - 9th July in St. Colm's High School, Ballinascreen. It is aimed at young people between 12 - 16 years old.
Campa Chormaic' was established in honour of Cormac McAnallen so that his memory would be kept alive and the ideals that he held so tightly when he was with us would be promoted – Love for his Country, Love for his Language and Love for Irish heritage and Gaelic Games.
Irish language sessions will be held in the morning, followed by coaching in gaelic football, camogie and hurling in the afternoon.
For more information go to www.campachormaic.com or email campachormaicdhoire@googlemail.com

The Three Little Pigs

Our young local Irish language group (Óg-Ógras) travelled to Downpatrick on 14th May to take part in the annual drama competition. They took to the stage with their own version, as Gaeilge, of the Three Pigs'. Marion and the actors put great effort into the play and they took first prize in the competition. It was well deserved!! Other members of Óg-Ógras Luraigh came to show their support for their friends and classmates and this was appreciated by the actors.

On the night, there was music, talk and craic in St. Patrick's Theatre and everyone enjoyed the entertainment that was put on for them. Parents will now be able to see the drama for on Tuesday 1st June in An Carn @ 7.30pm. Congratulations also to Émer, Celine, Chloe and Pascal who won prizes in the art competition. Well done to all concerned!!

Feis Charn Tóchair 2010 -
Celebrating the Irish Language & Culture

Feis Carn Tóchair will take place in An Carn, (Tirkane Road, Maghera) on Saturday 12th June. The aims of Feis Charn Tóchair are to promote and celebrate the revival of the Irish language and culture in County Derry. There will be a variety of sections in the feis which will be suitable for a wide range of age groups, for both fluent Irish speakers and basic learners.

The Feis Competitions are as follows:

- **Poetry recitation:** This competition is suitable far a range of age groups, for both fluent Irish speakers and basic learners. The categories include; naíscoil, Gaelscoil, English medium primary & secondary school.
- **Conversation:** This competition provides an excellent opportunity for parents of children of **all ages** to experience how Irish-medium Education can deliver true bilingualism. We strongly encourage parents to enter their children into this competition.
- **Scholarship Award Competition:** A part-scholarship of £200 will be awarded to two students in each year group from Year 8 to Year 13 to attend a summer college in the Gaeltacht.
- **Writing Competition:** This competition is suitable for bunscoil children and secondary school students. You are asked to write a short story in Irish of 500 words (or less)
- **Art Competition:** This competition is suitable for all.
- **Traditional Music:** This competition is suitable for all. There are a variety of categories; tin whistle, flute, fiddle, and traditional singing.

Brochures are available on request from An Carn. More information can also be found on the An Carn website www.ancarn.org or by contacting An Carn's Irish Language Development Officer, Leonne Ní Loinsigh: 028 79549978

Feis Charn Tóchair:

Saturday 12th June

There are a variety of competitions suitable for a wide range of age groups. For more information, please contact Leonne at An Carn 028 79549978 or www.ancarn.org

Deadline for entries

Friday 28th May
Poetry Recital
Scholarship Award
Conversation
Traditional Music

Monday 1st June
Art Competition

Monday 7th June
Writing Competition

Fee: £2 per child per competition

Séamus receives a medal!

Feis adjudicators: Robert Mc Millen -Irish News, Lynette Fay- BBC, Fearghal Mag Uiginn - BBC

Traditional Music entrants with Adjudicator Doimnic Mac Giolla Bhríde

An Carn Resource Centre -

At the Heart of the Community for 10 Years!

Over the years Carntogher Community Association has built on a strong community spirit in the Carntogher area and has been instrumental in the regeneration of the area by involving the local community in delivering projects. An Carn Resource centre is without doubt one of the groups most successful and noteworthy projects to date. Here are only a few of the services/activities An Carn has to offer . . . . .

Irish Language development – regeneration

There is a fast growing, young and vibrant Irish-speaking community and the area boasts one of the highest percentages of Irish speakers outside the Gaeltacht anywhere in Ireland. Bunscoil Naomh Brid (situated next door to An Carn) has now over 90 pupils being educated through the medium of Irish with the numbers of Irish speakers increasing year on year. Indeed it is the only area in Ireland where the majority of primary-school children are Irish-speakers. The Association is instrumental in promoting and supporting the growth in the language by providing a range of courses and classes for both children and adults to help develop fluency and to rebuild an Irish-speaking community. A full range of after-schools activities and youth activities and events promoted at An Carn are an important part in building this community spirit and ensuring that young Irish-speakers maximise their potential and can become active members of the local community.

Siopa – An Carn www.siopaancarn.com

The shop showcases the fine quality of Irish crafts and has a wide range of distinctive ceramics, jewellery, glasswear, candles, handmade cards, original artworks, traditional CD's and gifts. You will also find a wide selection of books in both English & Irish catering for all tastes and budgets.

Opening hours: **Mon–Fri** 9.00am – 5.30pm **Sat**: 9.30am – 4.30pm

Oifig an Phoist, Tir Chiana / Tirkane Post Office

The addition of the post office within An Carn was viewed by Carntogher Community Association as an important step in the development of An Carn as a service hub within the Carntogher community.

Tirkane Post is offering vital services in a rural community and offers a wide number of these on a daily basis:
* Utility bill payments (Phone/electricity/Rates) * Banking facilities (Bank of Ireland, Northern Bank, A&L etc) * Bureau de Change - order your travel money & receive it next day (order before 12noon) * Insurance - Home, Car/Van, Travel, Life * Mobile phone Top ups * Postal service – next day delivery/recorded delivery/parcel force

Opening hours: **Mon, Tues & Thurs** 9.00am – 5.00pm **Friday** 9.00am – 12.30pm **Closed Wednesday & Sat**

Office Supplies / Copy Shop Services

An Carn offers a one stop answer to all your needs! From Copying to binding.
Services include B/W photocopying * Colour copying *Binding * Lamination up to A3 *General stationary supplies * Fax Services * Printing (Colour / Black & White)

Training Provision

An Carn offers a wide range of courses throughout the year and aims to cater for all tastes and budgets.
Courses include: Pilates/Yoga, Keep Fit, language classes (Irish, French, Spanish), Creative Painting, Flower arranging, Arts & crafts, First aid, cookery for adults and children, gardening, wood craving, jewellery making and other specialist courses.
IT Courses include: ECDL, Clait Level I, Sage Payroll and Accounts, beginners IT, Internet & email, digital photography etc.

Conference/Training Rooms & IT suite for hire

Suitable for Conferences/Training courses/Lectures/Meetings etc. The rooms are equipped with Laptop, Multi-media projector, Smart board and Flipchart. Any additional equipment can be sourced on request. All rooms can be hired for full or half day use. The IT suite includes 12 PC's for use with networked printers and broadband internet available. Corporate training can be tailored to suit your requirements. Contact the centre to discuss these requirements and see if An Carn can help your business.

Community Library

The library will contain a wide range of books in both English and Irish which people will either be able to borrow and return and others use as reference books if completing research, learning Irish and school/college assignments - *Book donations welcome!*

Carntogher Recycling Point

Recycle glass (clear, green, brown) and textiles

Carntogher History Trail / Carntogher Mountain Walks / Drumnaph Wood

Carntogher contains a wealth of sites of archeological and environmental importance which have been linked together under the banner of the 'Carntogher History Trail' There are waymarked walking trails at Carntogher Mountain and Drumnaph Wood which can be visited at any time.

Brochures containing all information on the above are available online:
www.ancarn.org or by contacting An Carn (028 7954 9978).